

Teagmháil IMD





Fáilte

B'ionadh liom an tallann, an spiorad pobail agus an cíocras chun ratha a léiríodh fud fad an cheantair ardscéimhe s'againn.



Clúdach tosaigh: Seilg Sionnaigh Red Bull 2016 ag Páirc Chill Bhrónaí, Caisleán Ruairí. Íomhá le caoinhead Red Bull.

Is iomaí gáire a rinne mé agus na heachtraí éagsúla a bhí le feiceáil ar leac mo dhorais, d'aimsigh mé scileanna úra agus d'fhoghlaim mé cuid mhór ón dream a chónaíonn agus a ghránn anseo. Thairis sin, b'inspioráid agam a bpaisean agus a ndíograis dá gcomharsana, don timpeallacht, dár scoileanna, do na healaíona, dár sláinte agus do sheirbhísí pobail agus d'fhás geilleagrach ár ndúiche.

Is í aisling na Comhairle 'caighdeán na beatha a fheabsú dár muintir uilig' agus tá lúcháir orm gur seoladh le déanaí an chéad Phlean Pobail dár gceantar. Beidh sé seo ina léarscáil bhóithre ag seirbhísí uilig an cheantair chun oibriú le chéile lénár n-aisling

(leathanach 6) a fhíorú agus le fíorathrú a chur i gcrích do mhuintir agus do phobail na háite.

B'ábhar bróid riamh agam gur as an dúiche seo mé, is de m'fhéiniúlacht agus de mo chultúr é ach anois, agus é de phribhléid agam a bheith i mo Chéad-Saoránach ar Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin, is mó go mór arís agam é.





Easbhóthar agus Ar an Chúrsa Ceart

Den chéad scoth, trasteorann agus easbhóthar: tá an móréalú glas ar siúl!

Tá an chéad chéim de Ghlasbhealach Loch Cairlinn – ó Dhroichead Bhaile Átha Cliath, Iúr Cinn Trá go dtí an Chora ar an Lárbhruach – curtha i gcrích.

Comhthreomhar le bóthar An Iúir – Loch Cairlinn, nuair a bheas sé críochnaithe beidh an chonair saor ó thrácht ag síneadh fad Leathinis Chuaille tríd Ó Méith agus Chairlinn go dtí An Grianfort. Ba í an stráice tuaisceartach de scéim uaillmhianach í a cheanglós ar deireadh, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath agus a ligfeas do lucht coise agus rothaíochta taisteal easbhothar ar mheascán de ghlasbhealaigh agus de chúlbhealaí ciúine cois cósta.



Na Comhairleoirí Áitiúla

Le fáil amach cé hiad agus conas is féidir teagmháil leo tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin newrymournedown.org/elected_members



Tá gach rud ar dóigh ar An Iúr...

Tá obair faoi lánseol ní ar cheann amháin ach ar bheirt de mhórhograí fóillíochta na Comhairle le hinfheistíocht iomlán £36 milliún ón Chomhairle.

I ndiaidh oscailt linn snámha úrscothach An Iúir in 2015, cuirfidh Céim 2 de thogra forbartha Ionad Fóillíochta na Cathrach réimse áiseanna ar fáil ar a mbeidh an chuid is úrnua agus is forbartha de shaoráidí fóillíochta. Le hinfheistíocht £18 milliún ón Chomhairle tiocfaidh méadú faoi dhó chóir a bheith ar an ionad fóillíochta nua le dhá spórhalla, halla gleacaíochta, stiúideo rothaíochta, áiseanna scuaise agus liathróid láimhe, caifé, clós bogshúgartha – agus fiú seomra breithlae!

Tá an obair le críochnú le linn samhradh 2017. I gcomhair tuilleadh eolais ar oscailt na n-áiseanna úra agus seirbhísí fóillíochta, seiceáil leathanach facebook Shólann an Iúir nó glaoigh ar 028 3031 3190.



...agus i nDún Pádraig

Tá tógáil ar siúl fosta ar Shólann úr £14.5 milliún an Dún sa bhaile, atá le hoscailt go luath in 2018. Sa lárionad nua 6,000 méadar cearnach beidh linn agus linn foghlama 25 méadar, sé lána le hurlár inbhogtha, spórhalla ceithre chúirt, cúirt scuaise/liathróid láimhe, áiseanna só-spá, agus spórtlann úrscothach chorpacmhainne le breis agus 80 stáisiún. Tá an Lárionad trí urlár á thógáil taobh istigh de theorainn na saoráide atá ann ag Sráid an Mhargaidh agus osclófar é le linn 2018. A luaithe a chríochnófar an obair, beidh carrchlós 140 spás in áit an tseanfhoirgnimh.

Tá Sólann an Dúin go fóill ar oscailt. I gcomhair eolais ar amanna oscailte, ranganna agus áiseanna, glaoigh ar 028 4461 3426.

Cistiú do Chaisleán Uidhilín

Tá cistiú £527,951 ceadaithe ag an Chiste Sóisialta Infheistíochta d'athchóiriú riachtanach agus méadú Ionad Pobail Chaisleán Uidhilín. Sa phlean cruthófar limistéar tiomnaithe réamhscoile le clós sábháilte, glanascartha.

Tá an obair le críochnú fá Meitheamh 2018, agus ligfidh na háiseanna feabhsaithe don ionad a sheirbhísí a thabhairt a fhad le scéimeanna oiliúna óige, gníomhaíochtaí forbartha pobail agus scéimeanna samhraidh.



Cluiche ar siúl

Tá lúcháir orainn gur aimsigh muid breis agus £2 mhilliún trí Chiste Sóisialta Infheistíochta Thuaisceart na hÉireann le faichí peile 3G a sholáthar i nDún Pádraig, i mBaile Uí Chornáin agus i gCill Chúile. Cuideoidh an deontas fosta le hIonad Pobail Chaisleán Uidhilín a athfhorbairt ina láthair nua-aimseartha insroichte. Tá na tionscadail uilig le cur i gcrích fá Mheitheamh 2018.



#2minute BeachClean

Muid féin an chéad Chomhairle leis an tionscnamh 'Glantachán Trá Dhá Bhomaite' a thabhairt isteach. Ligeann an scéim seo d'aonduine amuigh ag baint suilt as an imeallbhord a gcuid bheag féin a dhéanamh lenár dtránna a choinneáil glan. Mura gcaithfeadh gach duine ach dhá bhomaite ag tógáil bruscair, bheadh na tránna beagnach saor ó bhruscar dá bharr. Ná dearmad pictiúr a thógáil den bhruscar a bhailigh tú agus é a phostáil ar na meáin shóisialta ag úsáid #2minutebeachclean

Work It i gCeann Oibre

Tá clár oiliúna agus fostaíochta Limistéar Theas an Chiste Shóisialta Infheistíochta 'Work It', i ndiaidh a chéad bhliain soláthair a cheiliúradh agus neart le ceiliúradh aige.

Go dtí seo, tá fostaíocht faighte ag tuairim is leath de na 160 rannpháirtí a chríochnaigh an clár, agus cuireadh ar fáil beagnach 300 tionscadal pobail. Tá teaghlach agus an pobal i gcoitinne ag baint tairbhe as an fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil a chuireann an tionscnamh ar fáil. Bhí ar chumas na rannpháirtithe tairbhe a bhaint as oiliúint scileanna riachtanacha, tógáil foirne agus seisiúin fhorbartha pearsanta – agus deis le tograí luachmhara a sholáthar dá bpobail féin.

I gcomhair tuilleadh eolais déan teagmháil lenár gClár-Aonad ar programmesunit@nmandd.org



Damhsa tae trasphobail ag ionad pobail Ash Grove a reáchtáil rannpháirtithe 'Work It'.



LIVE LOVE HERE HERE

Is tacaí díograiseach muid le feachtas **Live Here Love Here**, atá á riar ag **Keep Northern Ireland Beautiful (KNIB)**.

Is tionscnamh dearfach, pobalchumhachta é, dírithe ar fheabhsú timpeallachtaí na háite, agus braistint bróid a chothú sna pobail áitiúla. In 2016 reáchtáil feachtas Cónaigh Abhus Gráigh Abhus scéim bheag deontas do Chomhairlí rannpháirteacha, agus bhronn siad £13,000 ar aon togra dhéag i gceantar na Comhairle s'againn le tabhairt faoi thograí bróid shibhialta. An t-earrach seo, beidh KNIB arís ag seoladh deontais bheaga 2017 do ghrúpaí deonacha agus pobail, scoileanna agus eagraíochtaí oideachais tríú leibhéal, grúpaí óige agus clubanna spóirt. Coinnigh súil ar shuíomh gréasáin **Live Here Love Here** liveherelovehere.org i gcomhair sonraí.

Anuraidh fosta, reáchtáil muid ár ngairm airgeadais féin agus bhronn muid £38,000 ar 16 eagraíocht do thograí ó dhéileáil le truailliú madaí agus laghdú bruscair go cothú bróid shibhialta. Tionóladh gairm airgeadais 2017 i mí an Mhárta agus táimid ag súil le scéala a fháil fá na tionscadail atá curtha i gcrích ag grúpaí áitiúla pobail lena gceantar áitiúil a fheabhsú.



Mórmhéadú Chistithe Chlár Síochána IV

D'éirigh linn mórmhéadú cistithe timpeall £4.2 milliún a aimsiú faoi Chlár SÍOCHÁNA IV an AE chun tacú le tionscadail áitiúla a chuirfeas chun cinn caidrimh dhearfacha idir daoine ó phobail agus chúlaí eitneacha éagsúla. Cuirfear ar fáil iad i bpáirtíocht leis An Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus an Údarás Oideachais faoi gach ceann de na téamaí a leanas:

Páistí & Daoine Oga

Beidh deis ag rannpháirtithe a mbogscileanna agus a meas ar an éagsúlacht a fhorbairt trí thionscnaimh phearsanta, cheannaireacht agus rannpháirtíocht óige, stair agus cultúr i gcoitinne agus chlár shaoránachta.

Limistéir agus Seirbhísí i gCoitinne

Sa ghné seo beidh clár ina mbeidh athíomháu agus athnuachan; prótacal fá bhratacha, chomharthaí agus thinte cnámh; ceisteanna oidhreacht fá láithreacha iarmhíleata; roinnt tionscnamh a bhaineann le rannpháirtíocht agus le forbairt acmhainne agus clár ar son pobail agus ceannairí áitiúla atá scoite amach.

Tógáil Chaidreamh Dearfach

Sa téama seo, a dearadh le teagmháil fhóna, mharthanach idir pobail a fhorbairt, beidh clár ar fhorbairt acmhainne agus rannpháirtíocht; ceannaireacht chathartha; idirghabháil agus réiteach aighnis; 'daoine aosta, dea-chaidreamh'; stair agus cultúr i gcoitinne; cultúr agus imeascadh mionlach eitneach; agus imeachtaí trasphobail agus idirchultúrtha.

I gcomhair eolais ar na tograí thuas, déan teagmháil leis an Chlár-Aonad ar programmesunit@nmandd.org

**Ná Caill
Amach**

Tráthnóna Ceiliúrtha

Bhál Carthanachta an Chathaoirligh 2017

7in Dé hAoine 12 Bealtaine, Óstán Chúirt na Canála, An tIúr
Cuir ticéid in áirithe le [rphost: democratic.services@nmandd.org](mailto:democratic.services@nmandd.org)

Maireachtáil Go Sona Le Chéile

An Chéad Phlean Pobail againn

Is le fíorghairid a foilsíodh an chéad Phlean Pobail dár gceantar. Léiríonn an plan fíis úr iontach den dóigh ar chóir ár gcroisheirbhísí poiblí a sholáthar, agus sa deireadh, feabhsóidh sé saol gach duine a mhaireas anseo.

Le dhá bhliain anuas táimid rannpháirteach i bpróiseas pleanála pobail. Tá ár bPáirtíocht Pleanála Pobail ag fiafraí de dhaoine fud fad na dúiche cad é i bhfírinne atá tábhachtach acu. Thug muid san áireamh struchtúir phobail, geografaíochtaí agus barúlacha sa cheantar, agus tá plan anois againn a chuideos linn oibriú níos fearr lena chéile, iomlán an bhealaigh go 2030. Is é an sprioc atá againn sochaí le rátaí ísle ciontaithe agus foréigin, sochaí ina dtig na coinníollacha a chruthaíos tráma le linn óige a chur ar ceal. Samhlaímid sochaí a spreagas roghanna dearfacha i stíl mhaireachtála agus a chothaíos sláinte mhaith choirp agus intinne, ina gcruthaíonn oideachas deis agus ina gceiliúránn sé an éagsúlacht.

Tá an plan bunaithe ar chúig phríomhthorthaí nó ceistanna caighdeán beatha:



Tús maith a fháil sa tsaoil agus cumas fad saoil a comhlíonadh

Sláinte mhaith agus folláine a bheith ag duine

Tairbhe a bhaint as pobail rathúla

Timpeallacht ghlan, ardchaighdeán agus inbhuanaithe a bheith ag daoine

A bheith beo i bpobail atá measúil, sábháilte agus fuinniúil

Leibhéal Tacaíochta na Luathbhlianta

Leibhéal na Folláine Oideachais

Leibhéal Chaighdeán Saoil na Scoile

Leibhéal na Nascachta

Leibhéal na Foghlama Fad Saoil

Leibhéal Ionchas Saoil

Leibhéal Chothromaíocht Oibre is Saoil

Leibhéal Báis Inchoiscthe

Leibhéal Stádas Sláinte

Leibhéal Post agus Tuillimh

Leibhéal Ioncaim agus Maoine

Leibhéal Infheistíochta Geilleagraí

Leibhéal Ioncaim Turasóireachta

Leibhéal Fuinnimh Inbhuanaithe

Leibhéal Tithíochta Ardchaighdeán

Leibhéal Timpeallacht Mhaireachtála Ardchaighdeán

Leibhéal Caidrimh Shóisialta

Leibhéal Caipitil Shóisialta


Leibhéal Rannpháirtíochta Cathartha

Leibhéal Sábháilteachta Pearsanta agus Ráta Coiriúlachta

An Chéad Chéim Eile?

Fá mhí Meithimh, foilseoimid ár gcéad phlean gníomhaíochta solúbtha dhá bhliain a bhéarfais aghaidh ar thionscnaimh is ar chláir shainiúla oibre ag díriú ar gach ceann de na cúig torthaí. Tomhaisfimid an dul chun cinn an t-am ar fad le cinntiú go gcuirfear na torthaí sin ar fáil agus déanfaimid athruithe nuair is gá lenár bhfeidhmíocht a fheabhsú. Táimid dóchasach go bhfuil plan againn a chuirfeas ar fáil fíorfheabhsuithe do gach duine a chónaíonn, a oibríonn, a dhéanann staidéar, a thugann cuairt agus a infheistíonn san Iúr, i Múrna agus sa Dún.

I gcomhair tuilleadh eolais cuir rphost chuig communityplanning@nmandd.org



An Chéad Bhliain Gnóthach ag na Fóraim Thoghcheantair

Fóraim Thoghcheantair (TC), is páirtíochtaí áitiúla iad a bunaíodh le cinntiú go bhfaigheadh an pobal deis lena ndearcadh nó a gceisteanna ar sheirbhísí áitiúla poiblí a chur in iúl. Is é an t-ardán é lena dtig le muintir na háite plé níos éifeachtúla linn agus lenár gComhairleoirí. Le comhoibriú, bheimis dóchasach beart de réir briathair a dhéanamh ar na ceisteanna sin atá an-tábhachtach ag an phobal. Le bliain anuas, tá an seachtar comhordaitheoir agus ball TC ag obair gan stad le socrú san obair, baill úra a earcú agus bualadh le pobail.

Insíonn na huimhreacha a scéal féin:

21 Tharraing cruinnithe poiblí breis agus 1,600 duine

7 Ceardlanna idiráiseachtaí gníomhphleanála

7 Ceardlanna gníomhphleanála le gníomhphleananna TC a sholáthar

70+ Cruinnithe príobháideacha fóraim

180+ Cruinnithe aghaidh ar aghaidh le daoine aonair, grúpaí, áisíneachtaí reachtúla agus deonacha.

In obair na bhfóram tá rithábacht le comhairle agus tacaíocht a thabhairt, agus le dea-chaidreamh pobail a bhunú. Le cinntiú go mbeidh cead cainte agat ar cheisteanna a bhaineann leat agus le do phobal, mholfaimis duit freastal ar na cruinnithe poiblí nó teagmháil a dhéanamh le do Chomhairleoir/Ball Fóraim nó Comhordaitheoir TC.

I gcomhair sonraí d'Fhóraim TC gabh go newrymournedown.org/community_planning



Ar an Sprioc do Charrchlóis Eas-Sráide

I mBealtaine 2015 ghlac muid freagracht ó Transport NI (TNI) as 41 charrchlós eas-sráide, tá 11 acu anois ina gcarrchlóis táille agus an chuid eile saor. Trí chloí lenár ngealltanais le meascán d'áiseanna páirceála saor agus táille a thairiscint, d'éirigh linn a chinntiú go bhfuil ár dtáillí páirceála ina measc sin is ísle i dTuaisceart na hÉireann.

Agus éileamh ar pháirceáil ag méadú bliain ar bhliain, is é ár ndúshlán úsáid na gcarrchlós eas-sráide uilig a uasmhéadú. Mar sin, déanfaimid staidéar féideartha le fáil amach conas ab fhearr páirceáil a úsáid chun tacú lenár ngnólachtaí agus siopadóirí agus lenár bpobail.

Úsáidfear teacht isteach ó na 11 charrchlós leis na 41 a fágadh againn a bhainistiú agus a chothabháil. Níl rún ag an Chomhairle brabús a ghiniúint ó na carrchlóis.

Athraíonn uaireanta oscailte agus táillí páirceála. Seiceáil comharthaíocht ar an láthair i gcomhair sonraí.



Suaimhneas Intinne ar Phláta

Agus beagnach 2000 ionad bia ar fud an cheantair, ní bhíonn tú am ar bith i bhfad ó áit siopadóireachta nó itheacháin. Ach cad faoi na caighdeáin sláinteachais? Tá an freagra ar an doras.

Tugann an Scéim Rátála Sláinteachais Bhia eolas fá bhialanna, thithe óil, chaiféanna, bhialanna gasta agus óstáin, chomh maith le hollmhargaí agus siopaí eile bia. Rátáiltear na hionaid san am cigireachta ó 0 (teastaíonn feabhsú práinneach) go 5 (an-mhaith). Tá dualgas faoin dlí ar ghnólachtaí a scór a thaispeáint ag an doras.

Is féidir na rátálacha uilig a fheiceáil ag food.gov.uk/ratings

Má bhíonn imní ort fá aon ghnólacht bia i gceantar na Comhairle, déan teagmháil leis an Fhoireann Sábháilteachta Bia ar 0300 013 2233.



An Scéal Iomlán á Pleanáil -

An Plean Forbartha Áitiúil

Táimid go gníomhach ag ullmhú Phlean Forbartha Áitiúil (PFÁ) a bheas ina phríomhuirlis i socrú iarratas pleanála agus a threorós forbairt feasta fud an cheantair go 2030. Beidh dlúthbhaint ag an PFÁ, agus é ag léiriú ár bPlean Chorpáraideach, leis an Phlean Pobail agus beidh sé ag tacú le riachtanais gheilleagracha agus shóisialta an cheantair trí leagan amach an chreat beartais agus na moltaí úsáid talaimh a threorós cinntí inbhuanaithe forbartha sna 15 bliana romhainn.

Trí léiriú spásúsáid talaimh an Phlean Pobail, cuirfidh an PFÁ ar fáil fis den dóigh a n-athródh áiteanna agus den chosúlacht a bheas orthu amach anseo.

Beidh amchlár tosaigh an phlean, a leagann amach príomhgharspriocanna agus amlínte a fhad le ham glactha, ar fáil an samhradh seo, agus fosta, 'Ráiteas ar Rannpháirtíocht an Phobail' a chuirfeas síos ar an dóigh a dtig le háitritheoirí a bheith páirteach in

ullmhú an PFÁ trí chlár gníomhach chomhairliúcháin pobail. Seiceáil i gcomhair tuilleadh sonraí sna nuachtáin áitiúla.

I gcomhair chomhairle ar iarratas nó coinne a dhéanamh, glaoigh ar 0300 200 7830, rphost: planning@nmandd.org

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin newrymournedown.org/planning

An próiseas pleanála á chúlchóiriú

Nuair a aistríodh pleanáil go dtí an Chomhairle ón rialtas láir i mí Aibreáin 2015, fágadh againn ardlíon d'iarratais bheo. Chun cuidiú lena bpróiseáil, rinne muid infheistíocht in acmhainní agus i gcúlchóiriú chuid dár bpróisis. Dá bharr, ó Nollaig 2016, d'éirigh linn líon na n-iarratas beo atá le réiteach beagnach fá 40% taobh istigh de 12 mhí, agus na meánamanna próiseála fá chóir a bheith seacht seachtaine. Tá tuilleadh le déanamh, ach tá ag éirí linn.



Obair thógála le pleanáil? Faigh saorsheiceáil saineolaí.

Tá ár Rannóg Rialaithe Tógála ag tairiscint seirbhís saorchomhairliúcháin d'iarratais ar rialú tógála tráchtála chun cuidiú leat agus le d'fhoireann deartha a shocrú an dócha go gceadófar bhuir n-iarratas. Tugann sé seo deis daoibh leasú ar bith riachtanach a dhéanamh ar do dhearadh roimh dhul a fhad le lánliníochtaí oibre.

Más mian leat leas a bhaint as an tseirbhís seo déan teagmháil le 028 3031 3000 nó rphost: buildingcontrol@nmandd.org

'Old Homer' ag imeacht chun na hEorpa

Tá gradam Chrann na Bliana Iontaobhas na gCoillte bainte thar ceann Thuaisceart na hÉireann ag 'Old Homer', dair thoilm iontach i bPáirc Chill Bhrónaí, Caisleán Ruairí, a bhfuil cion mór uirthi. Bhéarfaidh sí na géaga anois léi go Comórtas Chrann na hEorpa 2017.

Is é cuspóir an togra aird a tharraingt ar shuntas agus ar an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le seanchrainn, a seanchas, agus thar aon rud, a gceangail le muintir na háite.



Cúnamh Deontais do Lucht na Tuaithe

Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Bheanna Boirche, Shliabh gCuillinn agus Leath Cathail atá freagrach as soláthar chúnamh deontais d'áitritheoirí tuaithe ar fud Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin.

Tá deiseanna deontais ann faoi na scéimeanna:

- **Infheistíocht i nGnó Tuaithe**
- **Athnuachan Sráidbhailte**
- **Bunseirbhísí Tuaithe**

I gcomhair tuilleadh eolais ar an deis deontais seo, san áireamh cáilitheacht, rátaí deontais, cá huair le agus conas suim a léiriú sa deontas, déan teagmháil le Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Bheanna Boirche, Shliabh gCuillinn agus Leath Cathail atá. Glaoigh ar 0300 013 2233 (folíne 2503), rphost: info@mournegullionlecale.com nó tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin mournegullionlecale.com



Comhghairdeas!

Chuir na Comhairleoirí Laura Devlin, Barra Ó Muirí, Pól Ó Gribín, Sinéad Ennis agus Naomi Bailie fáilte roimh bhaill úra teaghlaigh in 2016. Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh leo fána naíonáin nua.

An Caisleán Nua Bláfar thar Barr

I gcomórtas An Bhreatain Faoi Bhláth 2016 bhain An Caisleán Nua an duais mhór le rá Airgid Óraithe, éacht ollmhór ag iarrthóir céaduaire. Breis agus 1,600 cathair, baile agus sráidbaile a bíos páirteach gach bliain, agus bhí An Caisleán Nua ar cheann de 80 iarrthóir ón RA sa bhabhta ceannais anuraidh.

Tá an fhoireann anois ag díriú díreach ar Ór in 2017, agus ní fios ach go mbainfeadh siad sa roinn 'Baile Beag Cósta.' Le bheith rathúil in An Bhreatain Faoi Bhláth, teastaíonn clár lánbhliana gníomhaíochta leis an bhaile a fheabhsú agus a chothabháil, agus an pobal a thabhairt ar bord le barr maise a chur ar gach rud.

Más mian leat a bheith páirteach, déan teagmháil leis an Chomhairle ar 0300 01 322 33 nó rphost.info@nmandd.org.



Athruithe tábhachtacha ar bhailiú do bhocsa bruscair

Ó Aibreán 2017, deir na rialacháin go gcaithfear dramhbhia a bhailiú athscartha. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil cead dramhbhia a dhiúscairt i do bhocsa Dubh - CAITHFEAR an bia UILIG a chur i do bhocsa Donn.

- Má tá bocsa Donn agat cheana, caithfidh tú do chuid dramhbhia uilig a athchúrsáil ann. B'fhéidir nach bhfolmhófaí bocsaí Dubha a bhfuil dramhbhia iontu.
- Mura bhfuil bocsa Donn agat go fóill, seolfaimid ceann chugat go luath.


Do Bhocsa Donn – Ábhar Machnaimh

Cuimhnigh nach bhfuil méid ar bith róbheag. An rud is fearr le déanamh lenár gcuid bia, sult a bhaint as; ach tá dramhaíl ann – craiceann banana, málaí tae, scríobóga plátaí – nach féidir a sheachaint. I ndiaidh athchúrsáil do chuid dramhbhia, is féidir fairsings sa bhocsa Donn a úsáid le dramhaíl an ghairdín a athchúrsáil.



LE DO THOIL

déiríocht	iasc	torthaí & glasraí	feoil & cnámha
arán & cístí milse	tae & caife meilte	dramhbhia	dramhaíl ghairdín



NÁ BAC


- ✗ Málaí plaisteacha
- ✗ Cré nó clocha
- ✗ Leachtanna
- ✗ Ola nó saillte leachtacha
- ✗ Pacaistiú de chineál ar bith
- ✗ Potaí plandaí

Thig leat fosta méideanna beaga cairtchláir bhiathruailithe (stríochthe) a athchúrsáil .i. bocsaí píotsa, páipéar stiallta agus rolla caite cistine.



Málaí Bocsa Bruscair Inmhúirínithe

Agus tú ag athchúrsáil dramhbhia, thig leat málaí inmhúirínithe a úsáid a bhfuil an 'lógó siolóige' orthu. Tá málaí inmhúirínithe ar fáil i gcuid mhaith de shiopaí agus d'ollmhargaí na háite. Tabhair faoi deara nach nglacfar le málaí d'aon chineál eile. Nó thiocfadh bia a chumhdach i nuachtpháipéar nó a fhágáil scaoilte sa bhocsa Donn.



Bhfuil tú ag Caitheamh Uait do Chuid Airgid?

I dTuaisceart na hÉireann caithimid uainn tuairim is an tríú cuid den bhia a cheannaímid – agus an leathchuid de sin inite! Má smaoiníonn tú ar an dramhbhia a chruthaíonn tú, agus bearta dearfacha a dhéanamh i dtreo siopála cliste, thiofadh leat do dhramháil a laghdú go suntasach – agus airgead a shábháil fosta. Le comhairle phraiticiúil a fháil ar conas dramhbhia a laghdú agus suas le £50 sa mhí a shábháil ar do bhille bia, tabhair cuairt ar:

lovefoodhatewaste.com

Maith a Bheith Eolach

Dramhbhia a chuirtear go lárionad dramhaíola líonadh talaimh, ní bhriseann sé síos gan dochar a dhéanamh. Bíonn tionchar mór aige ar an timpeallacht nó lobhann sé agus scaoileann amach meatán, gás ceaptha teasa díobhálach. Nuair a athchúrsálann tú do chuid dramhbhia, déantar múirín de.

Smaoinigh sula gcuirfidh tú aon rud i do bhocsa Dubh. An dtig é a athúsáid nó a athchúrsáil? Cuimhnigh, ní dramháil é an bruscar nó go gcaithfidh tú uait é!



Is féidir lomraí, stocaí, hataí – binsí páirce fiú – a dhéanamh de bhuidéil phlaisteacha athchúrsáilte.



Is féidir gloine a athchúrsáil arís agus arís eile le coiméadáin úra a dhéanamh.



Is féidir cannaí stáin a leá le bheith sa deireadh ina gcodanna de charranna nó de rothair.



Is páipéar athchúrsáilte 70% de na hamhábhair do nuachtáin an RA.

Pacáistiú

Níor chóir aon phacáistiú a bheith i do bhocsa Donn. Caithfear an pacáistiú uilig a thógáil amach agus, má tá sé in-athchúrsáilte, é a shruthlú, a bhrú agus a chur sa bhocsa Gorm.



Go raibh maith agat as do bhocsaí daite a úsáid mar is ceart.



Cur Teachtaireacht na hAthchúrsála ina Luí

An bhfaca tú Bus ildaite Wastebuster de chuid arc21 amuigh ar an bhóthar lena theachtaireacht 'Athraigh, Athúsáid, Athchúrsáil'? Tá arc21, scáthghrúpa bainistiú dramhaíola thar ceann sé chomairle, An tIúir, Múrna agus An Dún ina measc, ag cuidiú linn an teachtaireacht a chur chun cinn sna scoileanna. Tairgeann an Bus tomhais oideachasúla, cluichí agus comórtais le daoine óga a inspreamhadh fán dramháil agus fán dóigh a gcaithfimid déileáil níos fearr léi.

Táimid ag moladh do gach duine an dramhbhia uilig a athchúrsáil, agus is tábhachtach mar sin, go bhfeicfeadh daltaí conas is féidir múirín saibhir, inúsáidte a dhéanamh den dramháil a chuirimid sa bhocsa Donn.

An chéad stad eile ag an Bhus? Ionaid Athchúrsála Teaghlaigh agus láir na mbailte trasna an cheantair, ag cur ár bhfeachtas Athchúrsála Dramhbhia chun cinn.

Le cuairt ó Bhus Wastebuster a iarraidh, déan teagmháil le: ehhealth@nmandd.org



Contae an Dúin Cláraithe Leis na 100 Príomh-Cheann Scríbe Inmharthana sa Domhan

Lá Domhanda na Turasóireachta 2016, d'fhógair Glas-Turasóireacht, an clár deimhniúcháin is mó dá leithéid, go raibh Contae an Dúin ag clárú lena liosta de 100 Ceann Scríbe Inmharthana.

Aithníonn an liosta seo ceantair ghlas-chomhshaoil ar fud an domhain as an méid ar mór acu barantúlacht, bithéagsúlacht, an dúlra, cultúr, pobal agus an comhshaol ar son na nglúine saoránach agus cuairteoirí sa todhchaí amach romhainn.



Síos an tSraid s'Agatsa agus Ag Cur Cuma Orainn Féin

Tá ár Roinn Sláinte agus Folláine ag cuidiú le scoileanna, grúpaí pobail agus eagraíochtaí na háite éirí réamhghníomhach fá dhul i ngleic le bruscar, trínár bhfeachtas 'Síos an tSraid s'Agatsa'. Ag imeacht ceiliúrtha 'Síos an tSraid s'Agatsa' i mí Bealtaine in Ionad Náisiúnta Allamuigh an Tulaigh Mór, bronnadh teastais i bhfráma agus duaiseanna ar ocht scoil as a gcuid oibre crua.

Más mian leat a bheith páirteach, thig leat ceann d'ár gcuid Fearas Glan-Suas saora, ina bhfuil soláthar bainteoirí bruscair, veisteanna, lámhainní agus málaí, a iarraidh. Tá fearais ar fáil fad a bheas siad i stoc. Caithfidh do ghrúpa gabháil oraibh féin níos mó ná aon ghlanadh suas amháin a dhéanamh, agus bhéarfad tús áite do ghrúpaí a dtig leo tabhairt faoi roinnt acu thar tréimhse ama.

I gcomhair sonraí, déan teagmháil leis an Roinn Sláinte agus Folláine ar ríomhphost: ehealth@nmandd.org



Saorsheiceáil Sábháilteachta Teallaigh

Tá a lán taismí sa teach inseachanta agus is chuige sin go díreach a ceapadh an tionscnamh 'Ag Cuidiú Leat Go Baile is Sábháilte.' Díríonn sé orthu siúd is mó atá i gcontúirt:

- seandaoine os cionn 65 bliana d'aois
- teaghlaigh le páistí óga faoi chúig bliana d'aois
- páistí agus daoine fásta leochaileacha
- grúpaí Dubha agus Mionlach Eitneach (BME).

Déanann Oifigeach Sábháilteachta Teallaigh na scéime cuairteanna saora baile, ag tairiscint eolais agus, nuair is cuí, trealamh saor sábháilteachta teallaigh, ó lampaí tadhaill, clúdaigh phlocóide go monatóirí aonoscáid charbóin go sciatha tine. Thig leo fosta atreoruithe a dhéanamh go háisíneachtaí mar Sheirbhís Dóiteán agus Tarrthála Thuaisceart na hÉireann, Póilíní agus Páirtíocht Sábháilteachta Poiblí, Maidin Mhaith Comharsa Mhaith agus Sláinte Cheirde.

Le cuairt sábháilteachta teallaigh a iarraidh déan teagmháil le health@nmandd.org



Táimid ag cuidiú lenár bpailneoirí tábhachtacha feithidí fiáine trí 'Bee-licious', togra a fuair tacaíocht ó Chiste Oidhreacht Crannchuir an Chrannchuir Náisiúnta, le gnáthóga breacnádúrtha a fheabhsú trasna Thuaisceart na hÉireann, le iad a dhéanamh níos pailneoirbháúla.

Imeachtaí saora teaghlaigh i míonna Márta agus Aibreáin, chuidigh siad le haird a tharraingt ar thábhacht pailneoirí agus an dóigh a dtig linn uilig ár gcuid féin a dhéanamh le cuidiú leo. Beidh tuilleadh ag tarlú san fhómhar agus mar sin de, coinnigh súil ar ár leathanach facebook agus seiceáil an preas áitiúil i gcomhair sonraí eile.

Más mian leat a bheith páirteach, déan teagmháil lenár nOifigeach Bithéagsúlachta health@nmandd.org



Le Déanamh Agatsa

Ba tearmann é do gharraí ag pailneoirí, agus thig leat cuidiú.



Lig féar chun fáis, cuireann sé bia ar fáil do phailneoirí. Mura mian leat do gharraí gabháil i bhfiántas ar fad, fág an lomadh go lár Aibreáin, i ndiaidh na gcaisearbhan theacht i mbláth.



Cuir speiceas dúchasach crann, tom agus bláthanna léana, cuirfidh siad neachtar ar fáil do phailneoirí rith na bliana. I gcomhair leideanna agus noda, tabhair cuairt ar butterfly-conservation.org



Tóg láithreacha neide do phailneoirí. Is féidir míolbhocsaí a cheannach go measartha saor nó do cheann féin a dhéanamh. Féach biodiversityireland.ie/pollinator-plan



Laghdaigh úsáid lotnaidicídí sa gharraí, thig leo dochar a dhéanamh do phailneoirí agus dá ngnáthóga.



Bí Ar An Neamhacra

Tá ar intinn agat gabháil i mbun do ghnó féin? Clár Tabhair Faoi na Comhairle, is pacáiste cuimsitheach comhairle, oiliúna agus tacaíochta é le cuidiú leat cur chuige.

Trí chéim atá sa chlár:

- cruinniú aon lae le comhairleoir a bhfuil taithí acu le do phlean gnó a phlé, roinnt buneolais a chruinniú agus na céimeanna feasta a phleanáil;
- seimineár leathlae a chumhdhaíonn riachtanais mar chlárú féinfhostaithe, bunú an ghnó, cáin, CBL, árachas náisiúnta agus leabharchoimeád;
- cruinniú duine le duine le comhairleoir airgeadais le taithí chun cuidiú le do phlean gnó a chríochnú.

Glaigh orainn inniu ar
0800 027 0639 nó
0300 013 2233 nó rphost:
business@nmandd.org
I gcomhair tuilleadh eolais déan
teagmháil le goforitni.com



Déanann 'Déan Áitiúil É' difear

In 2016 sheol muid feachtas 'Déan Áitiúil É' le lucht siopadóireachta a spreagadh chun tacú le tradálaithe agus le siopaí beaga neamhspleácha ar leac an dorais acu.

Bímid ag obair le Comhlachas Tráchtála na mbailte le himeachtaí a eagrú leis an fheachtas a chur chun cinn le tionscnaimh mar aontaí agus margaí ceardaíochta agus scéim dearbhán a choinneadh siopálaithe sa cheantar. Trí thacú leis an fheachtas, thig leat cuidiú le geilleagar na háite a choinneáil fuinniúil, rathúil agus inbhuanaithe sna blianta romhainn.

I gcomhair tuilleadh eolais ar imeachtaí 'Déan Áitiúil É' seiceáil ár leathanach facebook nó déan teagmháil linn ar 0300 013 2233.



Feabhsú Pháirc Rinn Mhic Giolla Rua

Tá cistiú meaitseála £850,000 againn ón Chiste Oidhreacht Crannchuir le háiseanna ag Páirc Bhaile Rinn Mhic Giolla Rua a athchóiriú agus a fheabhsú, le hinfeistíocht iomlán £1.49 milliún ar deireadh.

Cosnóidh an togra iomad gnéithe stairiúla na páirce. Athchóireofar an t-ardán banna ceoil cosanta, cuirfear ar ais an bhunphlandáil agus cuirfear athdhromchla ar na cosáin. Déanfar athchóiriú ar achar súgartha na bpáistí taobh le háiseanna úra. Cruthófar ionad léirithe, a insíos scéal na páirce, san fhoirgneamh athchóirithe paillíúin. Beidh an obair curtha i gcrích in 2018 agus seolfar clár rannpháirtíochta pobail d'úsáideoirí agus do chuairteoirí le bheith páirteach in oidhreacht na páirce. Coinnigh cothrom le dáta ar ár leathanach facebook i gcomhair sonraí.



Clárú Chuimhne na nEalaíon

Tá lúcháir ar larsmalann an Iúir agus Mhúrn cistiú a aimsiú ó Chiste Bailiúchán Esmée Fairbairn, i gcomhair thogra dhá bhliain le cuimhní a chlárú agus a cheapadh uathu siúd a bhí páirteach in eagraíochtaí taibhealaíon, a lán acu a bhain cáil amach ó shin ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá an larsmalann ag obair le Feis Cheoil an Iúir, Aisteoirí Newpoint, Féile Drámaíochta an Iúir, Cumann Drámaíochta Lios Liath agus Aisteoirí Panto an Iúir le cúig thaispeántas preab-stíle sealadacha a chruthú a bheas le

feiceáil in áiteanna éagsúla poiblí ar fud cheantar an Iúir agus Mhúrn.

Má tá scéalta agat nó déantúsáin a chreideann tú a bheith ábhartha, ba bhreá leis an larsmalann scéala a fháil uait. Seol rphost chuig museum@nmandd.org nó glaoigh ar 028 3031 3173.

I gcomhair tuilleadh eolais ar na taispeántais phreab-stíle agus imeachtaí eile, seiceáil suíomh gréasáin na hIarsmalainne bagenalscastle.com.

Tóg saorchóip dár gclár Ealaíon & Cultúir

le fáil ónár n-ionaid eolais do chuairteoirí, ó iarsmalanna agus ionaid ealaíon nó íoslódáil ónár suíomh gréasáin newrymournedown.org/events



Tá Sliabh gCuillinn agus Beanna Boirche ag ARDÚ

ASCENT, is tionscadal nuálach é a thugann aghaidh ar na dúshláin chomhshaoil atá roimh sheacht gceantar ard san Eoraip, ina measc cnoic i bhFáinne Cnoc Shliabh gCuillinn agus Beanna Boirche, le cuidiú saineolaithe ó Gharbhchriocha na hAlban.

Le rochtain gan rialú na n-ardcheantar i gcuideachta chreimeadh nádúrtha, tháinig díghrádú, agus cailleadh bithéagsúlacht uathúil agus bithacmhainní i roinnt ceantar ardsceimhe nádúrtha. Leagann tionscadal ASCENT – Apply Skills and Conserve our Environment with New Tools – amach pleananna agus bearta le aghaidh a thabhairt ar inmharthanacht gheilleagrach agus chomhshaoil amach anseo. Bhéarfaidh sé seo rochtain níos éasca dár n-ardcheantair gan chur isteach ar ár dtimpeallacht iógair.

I gcomhair tuilleadh eolais gabh go ringofgullion.org

GIANT

ADVENTURES

...Rath Ollmhór!



Cruthú Uaireanta Éachtacha

Táimid díreach i ndiaidh ár Straitéis Turasóireachta do 2017 – 2021 a sheoladh, a dhíríonn ar fhás na turasóireachta don cheantar a uasmhéadú trí ghlacadh le cur chuige nua, dírithe ar na gnéithe sin a dhealaíonn muid ó chinn scríbe eile. Aithníodh trí ghné, ‘mountains, myths and maritime’ (‘mullaí, miotais agus mara’), a bheith ar na buntréithe a chruthóidh iomhá láidir ar leith dár ndúiche. Tá ár ngealltanais, ‘Soláthar Uaireanta Éachtacha’, dírithe ar shainmhiniú úrnua a thabhairt ar eispéiris cheann scríbe ár gcuairteoirí.

Tá forbairt na bhféilte nua faoi bhranda na Mór-Eachtraí, i gcomhar le

himeachtaí atá ann cheana, ar cheann de na bearta dearfacha a rinne muid in 2016 lenár ndúiche a shuí mar cheann de na príomhchinn scríbe ar Oileán na hÉireann. Is léiriú iad na féilte seo ar scála ár n-uailmhéine le himeachtaí den chéad scoth a óstáil, ag tarraingt ar ár sléibhte agus ár n-imeallbhord agus na scéalta sin a bhaineann linne amháin.

Mór-Eachtraí Trasna na Tíre

Ba cheathairéad finscéaltach féilte é clár Mór-Eachtraí an tsamhraidh trasna na dúiche ó Loch Cuan go Sliabh gCuillinn. Má thaitin ‘Skiffe World 2016’, ‘Festival of Flight’, ‘Wake the Giant’ nó ‘Footsteps in the Forest’, leat, seo dea-scála duit – tá Mór-Eachtraí níos mó arís beartaithe


againn do 2017, agus ceann sa bhreis, ‘The City of Merchants’. Cruthaíodh na féilte Mór-Eachtraí, agus imeachtaí gaolmhara, le tarraingt turasóireachta ár gceantair álainn a neartú, agus d’fhreastail tuairim is 250,000 cuairteoir orthu ó áiteanna chomh fada ar shiúl le Tanzania, Ceanada, SAM agus trasna na hEorpa agus na Breataine, agus gineadh timpeall ar £8m do gheilleagar na háite.

I gcomhair eolais ar imeachtaí, seiceáil visitmournemountains.co.uk

Bothán Armstrong Bhaile Coinnleora d'Iarsmalann Chontae an Dúin



Tá Iarsmalann Chontae an Dúin ag beartú ceann de bhotháin stairiúla 'Armstrong', a tarrtháladh ó Champa Bhaile Coinnleora a leagadh in 1913, a atógáil. Atógfar an bothán i gclós an tSean-Phríosúin/na hIarsmalainne. Cruthófar taispeántas nua ag inse scéal an Champa agus a áititheoirí ó thimpeall 1900 go dtí le déanaí, fir san áireamh a thraenáil do chogaíocht trinsí sa Chéad Chogadh Domhanda agus imtheorannaithe a coinníodh ansin in 1920-21. Ba mhaith leis an Iarsmalann comhoibriú le baill de phobal Bhaile Coinnleora agus an cheantair máguaird le déantúsáin agus stair a chruinniú le taispeántas uathúil a chruthú a luaite a bheas an bothán atógtha i gclós na hIarsmalainne. Más mian leat a bheith rannpháirteach, ríomhphostáil mail@downcountymuseum.com



Ábhar Machnaimh...

Ár dtionscnamh 'Food Junction', a tionóladh mar chuid de Bhliain Bhia agus Dí TÉ, chuir sé i láthair na sártháirgí a bhí ar fáil ar leac an dorais againn le linn 2016, agus ba bhliain thar barr í do bheadaithe na háite. Rinneadh turais bhia gach mí, margaí clapholais, féilte beorach agus biachláir speisialta. D'éirigh go maith leis na margaí téama ag imeachtaí an tsamhraidh, agus ó shin tá fás le feiceáil ar liosta na dtrádálaithe úra.

Táimid ag tógáil i mbliana ar an rath seo le tuilleadh imeachtaí bia agus dí. Ba cheiliúradh naoi lá ár bhféile úrnua 'Coastal Flavours and Culinary Feasts' a tionóladh le linn

mhí an Mhárta. Bhí táirgeoirí agus restaurateurs ón cheantar san fhéile agus chuir siad i láthair bia agus deoch den chéad scoth.

Tá pleananna cheana féin in áit chun leanúint le táirgí áitiúla a thaispeáint sna himeachtaí uilig againn i rith na bliana. Más táirgeoir áitiúil bia, miondíoltóir nó restaurateur thú, ag iarraidh eolais ar an dóigh le bheith páirteach, cuir rphost chuig ár bhfoireann imeachtaí info@nmandd.org I gcomhair tuilleadh eolais ar ár n-imeachtaí, seiceáil ár leathanach facebook agus an suíomh gréasáin visitmournemountains.co.uk

Imeachtaí Éa chtacha in 2017

3-4 Meitheamh

**Footsteps in the Forest/
Coiscéimeanna sa Choill**

Páirc Foraoise Shliabh gCuillinn

23-25 Meitheamh

**Féile Siúil Idirnáisiúnta
Bheanna Boirche**

22-23 Iúil

Skiffie, Loch Cuan

Páirc Tuaithe Delamont

4-5 Lúnasa

**Féile Eitilte/Festival of Flight
An Caisleán Nua**

26-27 Lúnasa

**Múscaill an Fathach/
Wake the Giant**

Rinn Mhic Giolla Rua

30 Meán Fómhair- 1 Deireadh Fómhair

**Cathair na gCeannaithe/
City of Merchants**
Iúr Cinn Trá

27 Deireadh Fómhair

Oíche Shamhna
Iúr Cinn Trá

31 Deireadh Fómhair

Oíche Shamhna
An Caisleán Nua

23 Samhain

Lasadh na Nollag
Iúr Cinn Trá

24 Samhain

Lasadh na Nollag
Dún Pádraig

visitmournemountains.org

Sábháil na Dátaí

Cur Chun Cinn na Gaeilge sa Cheantar

Táimid tiomanta ar éascú agus chosaint na Gaeilge mar chuid dár gcomhoidhreacht chultúrtha.

Dá bhrí sin gabhaimid orainn féin:

- glacadh le comhfhreagras i nGaeilge agus é a fhreagairt
- feiceálacht na Gaeilge a mhéadú agus a chosaint trí chomharthaíocht dhátheangach
- Ainmplhátaí shráide/bhóthair dhátheangacha a ardú, má iarrann áitritheoirí
- deiseanna a sholáthar le Gaeilge a úsáid i suíomhanna caidrimh agus pobail
- leaganacha Gaeilge de phríomhcháipéisí corparáideacha a sholáthar ar iarratas
- feasacht ar luach geilleagrach agus sóisialta na Gaeilge a mhéadú
- ár ndualgais uilig i dtreo na Gaeilge faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chomhlíonadh

Más maith leat Gaeilge a fhoghlaim, treoróidh ár nAonad Gaeilge thú chuig cúrsaí oiriúnacha agus cuirfidh sé thú i dteagmháil le cainteoirí Gaeilge ar fud an cheantair.

I gcomhair tuilleadh eolais ar ár gcuid oibre ar chur chun cinn na Gaeilge sa cheantar, déan teagmháil lenár nAonad Gaeilge ar 028 3031 3076 nó Seol rphost chuig: info@nmandd.org

Bailte Fearainn – Ag Cur Ainm ar Ár nÁiteanna

Trí chur chun cinn seanainmneacha bhailte fearainn agus áite na dúiche, agus ainmneacha bailte fearainn a chuimsiú i gcomharthaíocht sráide agus bóthair, creidimid go gcuidíonn sé sin le daoine a nascadh leis an talamh agus go n-athdhearbhaíonn sé a n-ómós áite.

Béarla	Gaeilge	Ciall
Annalong	Áth na Long	Ford of the ships
Ringawaddy	Rinn an Mhadaidh	Point or promontory of the dog
Ardglass	Ard Ghlais	Green height
Fofanny	Fofannaigh	Place abounding in thistles
Killyleagh	Cill Ó Laoch	Church of the descendants of Laoch
Dufferin	An Duifrian	Derivation of Dubhthrian or black third (a division of land)
Ballykeel	Baile Caol	Narrow townland
Lislea	Lios Liath	Grey fort
Altnamackan	Alt na Meacan	Glen/height of the Parsnips
Longfield	Leamhchoill	Elmwood
Aghayallogh	Áth na nGeallóg	Ford of the sticklebacks/whitebellied eels
Killeavy	Cill Shléibhe	Church of the mountain
Cranfield	Creamhchoill	Wood of the wild garlic
Ballymartin	Baile Mhic Giolla Mhártain	Gilmartin's townland




Socrúcháin do Mhic Léinn agus Deiseanna Taithí Oibre

Tairgimid gach bliain roinnt socrúchán oiliúna, ar nó gan íocaíocht, do mhic léinn, chomh maith le taithí oibre do scoileanna. Bíonn siad uilig faoi mhaoirseacht agus mheantóireacht ag fostaithe de chuid na Comhairle.

Maireann socrúcháin do mhic léinn suas le bliain amháin. In 2015/2016 rinne muid 13 socrúchán san iomlán, agus i mbliana, tá naonúr mac léinn againn i ranna ó Innealtóireacht, Sláinte agus Folláine, TE agus Margaíocht go Fóillíocht, CPSP agus Rialú Tógála. I gcomhair tuilleadh eolais, glaoigh ar 0300 013 2233.

Rátaí

Inár dTuarascáil Bhliantúil dhírigh muid aird ar a raibh bainte amach againn in 2016 agus thug muid sonraí ár bpleananna don bhliain dár gcionn. Tá ráta ceantair socraithe anois againn don bhliain romhainn a úsáidfear lenár seirbhísí agus saoráidí a sholáthar. Léiríonn an chairt thíos costas gach seirbhís, bunaithe ar ghnáthlín tí á luacháil ar £100,000.



**2017-2018 Costas Seirbhísí
an Líon Tí á luacháil ar £100k**
Costas bunaithe ar £780 p.a.

23%	Bailiú Bruscair (£183)
15%	Maoiniú Caipitil (£120)
14%	Fóillíocht & Spórt (£109)
7%	Turasóireacht (£53)
6%	Glantóireacht Eile & Phoiblí (£50)
6%	Sláinte Chomhshaoil (£46)
5%	Seirbhísí Pobail (£36)
5%	Cultúr & Oidhreacht (£36)
4%	Ionadaíocht Dhaonlathach agus Bainistíocht (£34)
4%	Forbairt Gheilleagrách & Tuaithe AE (£28)
3%	Seirbhísí Eile (£26)
3%	Mionobreacha / Ceadúnú / Reiligí (£22)
2%	Beartas Pleanála (£13)
1%	Rialú Tógála (£11)
1%	Diúscairt Dramhaíola (£7)
1%	Pleanáil Phobail (£7)



Is féidir lánsonraí a fháil sa tuarascáil bhliantúil.
Le cóip a ioslódáil, gabh go:
newrymournedown.org/annual_report_released

I gcomhair eolais ar do bhille rátaí tabhair cuairt ar **nidirect.gov.uk/rates**

nó déan teagmháil le cabhairlíne Sheirbhísí Talaimh agus Maoine (STM) **0300 200 7801** (gearrtar ráta áitiúil ar ghlaonna)

I gcomhair eolais ar rátaí áitiúla déan teagmháil le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ar **0300 013 2233**

**Bíodh
Cead
Cainte
Agat...**



Liam Hannaway
Príomhfheidhmeannach

Tá súil againn gur thaitin an t-eagrán seo de Theagmháil IMD leat agus tá suim againn i do thuairimí. Má tá aon ábhar i do phobal ar mhaith leat muid aghaidh a thabhairt air, ba bhreá linn scéala a fháil uait.

Cuir rphost chugainn, le do thoil:

**info@
nmandd.org**

Déanaimid ár ndícheall le seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar do gach duine, gach lá. Ach glacaimid leis fosta go dtéann rudaí contráilte in amanna. Má tharlaíonn sé sin, ba mhaith linn fios a bheith againn – nó insíonn sé go beacht dúinn cad é atá le feabhsú.

Le gearán a chlárú:

- Labhair le ball foirne freagrach as an tseirbhís
- Scríobh nó cuir rphost chuig an Chomhairle ag **complaints@nmandd.org**
- Líon amach foirm ghearáin, atá le fáil ónár n-áitreabh foirne, agus cuir chuig an oifig Sheirbhísí Custaiméirí í ag an seoladh ar an bhileog.

Dul i dteagmháil – uimhreacha úsáideacha

Ionaid Ealaíon agus Iarsmalanna

Ionad Ealaíon an Dúin
Dún Pádraig
028 4461 0747

Iarsmalann an Dúin
Dún Pádraig
028 4461 5218

Iarsmalann an Iúir & Mhúrn
Caisleán Bhagenal, An tIúr
028 3031 3182

Teach Éigse Sheáin Uí Chuileannain
An tIúr
028 3031 3180

Reiligi

0300 013 2233
Loch Inse, Baile na hInse
Cnoc na Manach, An tIúr
An tSruthail, Dún Pádraig
Ros Treabhair
Rinn Mhic Giolla Rua

Ionaid Phobail

Baile na hInse
028 9756 1950

An tSruthán
028 3083 9666

Ionad an Droichid
Cill Ó Laoch
028 4482 8648

Cloch Riabhach
028 3083 8454

Crois Mhic Lionnáin
028 3086 1949

Halla Dan Rice
Droim an Easa
028 9756 1449

Teach an Mhargaidh
Baile na hInse
028 9756 4050

Páirceanna Tuaithe

Páirc Tuaithe Delamont
028 4482 8333

Páirc Chill Bhrónaí
028 4173 8134

Páirc Foraoise Shliabh gCuillinn
028 3031 3170

Sólanna

Ionad Sláinte agus Folláine
Bhaile an Mhóta
028 4461 2919

Ionad Fóillíochta
Dún Pádraig
028 4461 3426

Ionad Fóillíochta Chill Chaoil
028 4176 4666

Ollionad an Chaisleáin Nua ina bhfuil Tropicana, Linn Carraige agus Páirc an Chaisleáin
028 4372 5034

Ionad Fóillíochta an Iúir
(linn snámha)
028 3031 3190

Ionad Spóirt an Iúir
028 3031 3130

Spórtlann Naomh Colmán
028 3025 6166

Ionaid Eolais do Chuaiteoirí

Crois Mhic Lionnáin
028 3086 8900

Cill Chaoil
028 4176 2525

An tIúr
028 3031 3170

An Caisleán Nua
028 4372 2222

Dún Pádraig
028 4461 2233

Sliabh gCuillinn
028 3084 8190

Halla Baile & Oifig Turasóireachta
Rinn Mhic Giolla Rua
028 4175 2256

Ionaid Athchúrsála Teaghlaigh

0300 013 2233
Achadh na gCon
Baile Mhic Catháin, Baile na hInse
Bóthar na Banna, Caisleán Uidhílin
Camloch
Bóthar Chluanaí, Dún Pádraig
Crois Mhic Lionnáin
Droim na Coille
Baile Hill
Cill Chaoil
An tIúr
Baile Úr
Rinn Mhic Giolla Rua

Eile

Sláinte Chomhshaoil
Leas Ainmhithe
028 3751 5800

Pleanáil
0300 200 7830

0300
013 2233
www.newrymournedown.org

 /nmdcouncil
 @nmdcouncil

Tá an cháipéis seo le fáil i bhformáidí eile ar iarratas

Ag freastal ar an Dún
agus Ard Mhacha Theas
Serving Down
and South Armagh



Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council